COMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Bealtaine 1999

maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint d'Airteagal 6(1) den Prótacal ag lánpháirtiú acquis Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá curtha i gceangal, i gConradh Amstardam, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;

TAR EÍS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

An Comhaontú le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, lena n-áirítear na hIarscríbhinní, an Ionstraim Chríochnaitheach, na Dearbhuithe agus na Litreacha a mhalartú atá i gceangal léi sin, déantar leis seo é a fhormheas.

Tá téacs na ngníomhartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Bealtaine 1999.

Thar cheann na Comhairle

An tUachtarán

J. FISCHER